Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2018
(OR. en)**

**10071/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0058 (COD)**

**CODEC 1051
ECOFIN 618
RELEX 550
COEST 119
NIS 15**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear tacaíocht mhacra-airgeadais bhreise ar fáil don Úcráin **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 9 Márta 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 212(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ar an 13 Meitheamh 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

1 7055/18.
2 9948/18.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 27/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na hUngáire ag vótáil ina choinne.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.